
# C



6 - Ag léamh le chéile
7 - An cló timpeall orainn

# Clár


| | |
|---|---|
| Foclóir na léitheoireachta | 2 |
| Ag caint fá leabharthaí | 3 |
| Leabharthaí a léamh i gcuideachta a chéile | 4 |
| Pictiúirí scéalaíochta | 5 |
| Scileanna léitheoireachta | 6 |
| Leabharthaí a léamh le chéile sa bhaile | 7 |
| Ábhair chlóite | 8 |
| Gnáthábhair chlóite | 9-10 |
| Ag foghlaim fá litreacha | 11 |
| Biongó cistine | 12 |
| Cluiche na nAinmneacha | 13 |
| Cluichí cló a imirt | 14 |

# Foclóir na léitheoireachta

Seo sraith focla a bhaineann le leabharthaí agus le léitheoireacht. An bhfuil siad ar eolas ag bhur gcuid páistí fhéin?

teideal





údar

leathanach

cló

tús

deireadh




línte

uimhreacha na leathanach

barr

bun

maisitheoir




pictiúirí

clé

deas

caibidil

# Ag caint fá leabharthaí

Nuair a rachas an páiste ar scoil beifear ag súil go mbeidh sé in ann rudaí eile a dhéanamh chomh maith le píosaí a léamh. I measc na rudaí sin tá:

Pictiúr nó abairt a úsáid leis an chuid eile den scéal a thuar.

Imeachtaí an scéil a chur in ord - an chéad rud a tharla, an chéad rud eile, an rud deireanach agus mar sin de.

A leagan fhéin den scéal a rá i mbeagán focla.

An scéal a mheas nó a bharúil fán scéal a thabhairt.

Codanna den scéal a thabhairt chun cuimhne am inteacht amach anseo.

A mhíniú cén chúis a bhí leis na rudaí a tharla sa scéal, agus a mhíniú caidé an éifeacht a bhí acu.

Na smaointe agus na heachtraí sa scéal a cheangal leis na himeachtaí a tharlaíonn ina saol fhéin.



# Leabharthaí a léamh i gcuideachta a chéile

Bíonn a fhios ag páistí cuid mhaith fá chúrsaí léitheoireachta agus fán dóigh le ciall a bhaint as leabharthaí, fiú sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. Achan rud a fhoghlaimíonn siad le linn an ama seo, beidh sé ina chuidiú acu nuair a thosaíonn siad fhéin a léamh.

**Caidé mar a thig leatsa cuidiú?**

- Lig don pháiste na rudaí atá á léamh agat fhéin a fheiceáil.
- Bíodh leabharthaí agus irisí in áiteacha ar fud an tí le go dtig leis an pháiste amharc orthu.
- Cuir am ar fáil le leabharthaí a léamh i gcuideachta a chéile.
- Lig don pháiste a chuid leabhar fhéin a phiocadh agus a láimhseáil.
- Bígí ag caint fá na pictiúirí sna leabharthaí.
- Dírigh aird an pháiste ar cibé focla nó litreacha a bhfuil eolas aige orthu cheana fhéin.
- Lig dó na leathanaigh a thiontú.
- Léigh na leabharthaí atá bunaithe ar scannáin agus ar chláir theilifíse, leithéidí - **Clann Disney, Tomás an Traein, Cailín na Luatha** agus mar sin de.
- Gabhaigí go dtí an leabharlann le chéile.
- Ceannaigh leabharthaí mar bhronntanais dó.
- Tabhair leabharthaí ar iasacht do do chuid cairde agus faigh leabharthaí ar iasacht uathusan nach bhfuil léite agaibh.

# Pictiúirí scéalaíochta

Cleas atá i bpictiúr scéalaíochta a chuideoidh leat samhlaíocht agus scileanna teanga an pháiste a fhorbairt.

Iarr ar an pháiste scéal an phictiúir a inse:

Caidé mar a chuirtear tús leis an scéal?

Cé atá le feiceáil sa phictiúr?

Caidé atá ag tarlú?

Caidé an chéad rud eile a tharlóidh?

Cad chuige sin?

Cén deireadh a bheas ar an scéal?

Iarr ar an pháiste rudaí sa phictiúr a ainmniú agus cur síos orthu:

Caidé atá le feiceáil sa phictiúr seo?

An bhfeiceann tú an ________________ ?

Cá mhéad acu atá ann ____________________ ?

Cén t-ainm a bhéarfá ar an phictiúr seo?

Iarr ar an pháiste scéal an phictiúir a inse do dhuine eile:


Ar mhiste leat an scéal a inse do do mháthair mhór?

Ceangail an scéal le saol an pháiste fhéin:

Cá háit eile a bhfeiceann tú ____________________ ?

An gcuirfidh muid a dhath eile leis an phictiúr?

# Scileanna léitheoireachta




Ainm ______________________________

Aois ______________________________

Déan cóip fá choinne achan pháiste

# Leabharthaí a léamh le chéile sa bhaile

**Cuir am ar fáil achan seachtain le leabharthaí a léamh i gcuideachta a chéile, uair amháin sa lá, má bhíonn do sháith ama agat.**

Caidé na leabharthaí a léigh tú fhéin agus do pháiste le chéile an tseachtain seo?

Caidé na rudaí a raibh dúil ag an pháiste iontu sna leabharthaí seo?

Ar bhain tú úsáid as an phictiúr scéalaíochta? Cén dóigh ar úsáid tú é?

Cuimhnigh agus am a chur ar fáil le scileanna léitheoireachta an pháiste a mheas. Cuideoidh an t-eolas in **Scileanna Léitheoireachta** leat.

# Ábhair chlóite

comhartha

nuachtán

biachlár

póstaer

lipéad

féilire

clib

bróisiúr

treoirleabhar

bileog

lógó

litir

nuachtlitir

fógraí

ráiteas nuachta

pacáiste

catalóg

cártaí

ceannlínte

irisí

siombail

oideas cócaireachta

dialanna

eolaire

síniú

# Gnáthábhair chlóite

Caidé a fhoghlaimíonn páistí ó na hábhair chlóite atá thart orthu?

Tuigeann siad:

- go mbíonn eolas inteacht ar achan chineál ábhair chlóite;
- go n-úsáidtear ábhair chlóite ar chuid mhaith bealaí difriúla;
- go bhfuil cuid mhór bealaí ann le hábhair chlóite a chur i láthair;
- go bhfuil ábhair chlóite iontach tábhachtach d'achan chineál duine;
- go mbíonn dlúthbhaint ag ábhair chlóite le gnáthimeachtaí agus le hócáidí speisialta.

Tuigeann páistí cé chomh tábhachtach is atá na hábhair chlóite timpeall orthu, agus is mar gheall air sin a bhíonn siad ag iarraidh léamh a fhoghlaim.

Thig leatsa an páiste a spreagadh le tuilleadh suime a chur sna hábhair chlóite atá thart uirthi. Seo roinnt moltaí:

**Dírigh aird an pháiste ar chomharthaí, póstaeir, ainmneacha siopaí.**

Caidé a deir an comhartha sin?

An dtig leat ainm an tsiopa sin a inse domh?

**Bígí ag caint fán eolas a bhíonn scríofa ar lipéid, ar phaicéid agus mar sin de.**

Más bia atá ann, níor mhiste an dáta a sheiceáil, le fáil amach an bia úr atá ann.

Más ag siopadóireacht fá choinne éadaí atá sibh, bígí ag amharc ar na lipéid, le bheith cinnte go bhfuil an mhéid cheart ann.

**Bígí ag caint fá na treoracha ar phaicéid.**

Cé chomh fada is ba chóir dúinn an pizza seo a choinneáil san oigheann?

Níl a fhios agam an dóigh leis an chluiche seo a imirt. Seo, amharcfaimid ar na rialacha.

# Gnáthábhair chlóite

**Bíodh do pháiste páirteach i ngnáthimeachtaí ina mbaintear úsáid as cló.**

Cé acu scannán atá de dhíth ort?

Tá mála siúcra sa phrios. An bhfaighfeá domh é?

**Mínigh caidé atá tú a dhéanamh nuair a bhíonn tú fhéin ag baint úsáide as gnáthábhair chlóite.**

Tá mé ag amharc san Eolaire Gutháin, ag iarraidh uimhir an ospidéil a fháil.

Amharcfaidh mé ar an fhéilire, go bhfeicfidh mé cén lá den tseachtain a bhfuil an dóú lá déag ann.

**Iarr ar an pháiste rudaí a bhfuil seanchleachtadh aici orthu a thaispeáint duit.**

An bhfeiceann tú na milseáin sin a bhfuil dúil agat iontu?

Cén cnaipe a bhrúnn tú leis na bananaí a mheá?

**Bí ag moladh an pháiste as ábhair chlóite ar leith a aithne.**

Is ea, sin é an RTÉ Guide. Maith thú. Anois, cá huair a thosaíonn 'Top of the Pops'?

Sin na brioscaí a bhfuil dúil ag do dheartháir iontu. Is maith thú a chonaic ar an tseilf iad.

**Bígí ag ligean oraibh go bhfuil sibh i mbun siopa nó oifig an phoist nó bialainne agus bígí ag imirt cluichí cló le rudaí a bhfuil seanchleachtadh ag an pháiste orthu, cuir i gcás bia, bréagáin, cláracha teilifíse agus mar sin de.**

**Faigh amach caidé na cineálacha ábhair chlóite a aithníonn an páiste (comharthaí, lipéid, póstaeir agus mar sin de) agus coinnigh cóipeanna daofa istigh i leabhar.**

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Ag foghlaim fá litreacha

Tuigeann páistí cuid mhór fán léitheoireacht agus fá dhóigheanna le ciall a bhaint as ábhair chlóite, fiú sula dtéann siad chun na scoile ar chor ar bith. De réir mar a bhíonn siad ag cur eolais ar ábhair chlóite, bíonn siad ag foghlaim fán léitheoireacht fosta. Tá cuid mhaith scileanna léitheoireachta a thig a theagasc do pháistí óga. Mar shampla, scil iontach tábhachtach atá ann litreacha a aithne thar a chéile.

Seo cúpla bealach a dtig libh cuidiú leis an pháiste eolas a chur ar litreacha:

- Tosaigh le hainm an pháiste.
- Bíodh leabhar ar leith ann fá choinne pictiúirí a tharraingt agus cleachtadh a fháil ar na litreacha in ainm an pháiste.
- Bígí ag amharc ar chomharthaí, ar phóstaeir agus ar nuachtáin agus mar sin de, agus dírigh aird an pháiste ar cibé litreacha atá ina ainm fhéin fosta.
- Bígí ag amharc ar na comharthaí le linn daoibh a bheith sa charr nó i mbus le chéile. Taispeáin dó ainmneacha na mbailte sa cheantar.
- Bí ag caint ar an chrot atá ar litreacha áirithe, mar shampla go bhfuil S mar a bheadh nathair nimhe ann.
- Le linn daoibh a bheith amuigh ag siúl nó istigh sa charr, féach an dtig leis an pháiste cuid de litreacha na haibítre a dhéanamh amach ar chomharthaí agus ar ábhair chlóite eile atá thart.
- Bíodh leabhar ar leith ann fá choinne pictiúirí aibítre a choinneáil ann.
- Déan míreanna mearaí aibítre
- Bígí ag imirt cluichí ina gcaithfidh sibh litreacha agus uimhreacha a aithne.

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Biongó cistine

**Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ort:**

- paicéid nó boscaí nó málaí ina raibh Corn Flakes, brioscaí, milseáin, pizza, brioscaí prátaí, arán, púdar níocháin agus mar sin de. Cibé earraí a phiocfas tú, beidh 2 cheann d'achan uile rud de dhíth leis an chluiche a imirt.
- boscaí cairtchláir (boscaí Corn Flakes, mar shampla) nó boird bhiongó agus 'paca cártaí'.
- gliú
- siosúr

**An cluiche a dhéanamh:**

1 Gearr amach péirí focal/lógónna ó dhornán boscaí, málaí nó paicéid. Déan dhá fhoireann mheaitseála daofa.

2 Tóg foireann amháin de na focla/lógónna agus greamaigh de leathanach cairtchláir iad. Seo é an bord biongó.

3 Cuir an fhoireann eile focla/lógónna ar leataobh fá choinne a úsáid sa 'phaca cártaí'.

4 Gearr amach cártaí as an chairtchlár, iad uilig den mhéid is den chrot céanna. Cuideoidh rialóir leat an obair seo a dhéanamh.

5 Greamaigh na focla/lógónna de na cártaí. Seo é an 'paca cártaí'.

**An cluiche a imirt:**

Is cluiche meaitseála é seo.

- Tabhair bord biongó d'achan imreoir.
- Tiontaíonn achan imreoir cárta amháin de chuid an phaca. Caithfidh sé an cárta seo a mheaitseáil. Má tá meaitseáil ann, fágann an t-imreoir an cárta síos ar an fhocal mheaitseála ar an bhord bhiongó.
- An chéad duine a chlúdaíonn na focla uilig ar an bhord, is é a bhainfeas an cluiche.

**Smaointe eile fá choinne biongó cistine a imirt:**

- Ligeann duine air fhéin gur 'bolscaire bhiongó' atá ann.
- Thiocfadh riail a leagan síos go gcaithfidh na himreoirí an focal a léamh amach sula gceadaítear an mheaitseáil.
- Bheadh ar pháistí óga an paca a spré amach le teacht ar na cártaí meaitseála.

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Cluiche na nAinmneacha

Ár mbuíochas le tuismitheoirí an chláir *'Learning Together'* in Norfolk a chum an cluiche seo.

**Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth:**

- leathanaigh chairtchláir fá choinne cártaí imeartha a dhéanamh
- siosúir, rialóirí agus marcóirí

**An cluiche a dhéanamh:**

1 Déan bord imeartha fá choinne achan duine a bheas ag imirt - 'sé sin, leathanach cairtchláir a bhfuil ainm an imreora scríofa air.

2 Faigh tuilleadh leathanaigh chairtchláir agus gearr cártaí amach astu. Beidh litreacha le scríobh ar achan chárta sa phaca cártaí seo agus beidh ar na himreoirí na litreacha seo a mheaitseáil le litreacha a n-ainmneacha fhéin.

3 Gearr amach na cártaí agus scríobh litir amháin ar achan chárta. Seo é an 'paca'.

**An cluiche a imirt:**

Cuidíonn an cluiche seo le páistí óga litreacha a aithne trí iarraidh orthu na litreacha ina n-ainmneacha fhéin a mheaitseáil leis na litreacha ar na cártaí.

- Suíonn na himreoirí síos agus a bhord imeartha fhéin os comhair achan duine.
- Cuir an paca cártaí i lár an tábla.
- Tosaíonn an imirt. Tógann na himreoirí cártaí as an phaca. Tá cead acu cárta amháin a thógáil fá choinne achan litir ina n-ainm fhéin. Cuir i gcás girseach darbh ainm Ciara - bhéarfaí cúig chárta di.
- Cuireann na himreoirí na cártaí síos ar na boird imeartha go bhfeicfidh siad an bhfuil cárta ar bith ann a mheaitseálann litir ina n-ainmneacha fhéin. Cuireann siad ar leataobh cárta ar bith nach meaitseálann. Mar chúiteamh air sin, tá cead acu an oiread céanna cártaí a bhaint amach as an phaca. Cuir i gcás go bhfuair an ghirseach ceithre chárta gan mheaitseáil - tá cead aici ceithre chárta úra a thabhairt léi.
- An chéad duine a mheaitseálann achan litir ina ainm fhéin a bhainfeas an cluiche.



# Cluichí cló a imirt

Cuir am ar fáil le **Biongó cistine** nó **Cluiche na nAinmneacha** a imirt leis an pháiste am inteacht an tseachtain seo.

Cén cluiche a d'imir sibh?

Caidé na rudaí ar bhain an leanbh sult astu le linn an chluiche seo?

Ar ghlac duine ar bith eile den teaghlach páirt sa chluiche?

An n-athrófá an cluiche ar dhóigh ar bith, le é a dhéanamh níos fearr nó a dhéanamh cinnte nach gcailleann na páistí suim ann?

An bhfuil smaointe ar bith eile agat le comhrá a thoiseacht fá ábhair chlóite sa bhaile?



## Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE